

(Is le haghaidh faisnéise amháin atá an doiciméad seo)

Ráiteas Príobháideachais um Chosaint Sonraí le haghaidh

Léiriú Spéise Ballaí Luimnigh Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Cé muid agus cén fáth a dteastaíonn do chuid faisnéise uainn?

Is mian le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn do chathair agus contae Luimnigh, agus leis sin, cuidiú ar bhealach suntasach le cáilíocht saoil a phobail a fheabhsú. Tá seachadadh seirbhísí ardchaighdeán, curtha in oiriúint chun cloí le riachtanais gach custaiméir is againne, fós mar phríomhaidhm Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus tá sé san áireamh lenár bPlean Corparáideach. Áirítear leis an tseirbhís ar ardchaighdeán seo leibhéal agus cáilíocht na seirbhíse a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí, agus cáilíocht ár bpróiseas cinnteoireachta, éifeachtúlacht agus éifeachtacht ár n-oibríochtaí corparáideacha, caighdeán ár n-áiseanna agus ár gcumas athruithe a dhéanamh i dtimpeallacht atá ag athrú i gcónaí. Chun an raon seirbhísí is éifeachtaí agus is spriocdhírthe a sholáthar chun freastal ar riachtanais saoránaigh, phobail agus chomhlachtaí Chathair agus Chontae Luimnigh, beidh riachtanas romhainn cineálacha áirithe faisnéise a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid maidir le daoine agus le heagraíochtaí. Ag brath ar an tseirbhís atá á lorg nó á soláthar, d'fhéadfadh 'sonraí pearsanta' mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Chosaint Sonraí agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a bheith san áireamh san fhaisnéis atá á lorg, agus d'fhéadfadh sí a bheith bainteach le húsáideoirí seirbhíse reatha, san am atá thart agus sa todhchaí; fostaithe san am atá thart, fostaithe reatha agus fostaithe ionchasacha; soláthraithe; agus baill den phobal a d'fhéadfadh a bheith i mbun cumarsáide lenár bhfoireann. Ina theannta sin, d'fhéadfadh riachtanas a bheith ag an bhfoireann, ó am go ham, cineálacha áirithe sonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid chun cloí le ceanglais rialála nó reachtúla.

Cén fáth go bhfuil ráiteas príobháideachais againn?

Chruthaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an ráiteas príobháideachais seo chun ár dtiomantas láidir don phríobháideacht a léiriú agus chun a dhearbhuí duit, i ngach plé a dhéanfaidh tú le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, go ndéanfaimid cinnte go bhfuil na sonraí a sholáthraíonn tú dúinn slán. Cruthaíonn, bailíonn agus próiseálann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh méid suntasach sonraí pearsanta i bhformáidí éagsúla gach lá. Is é gealltanas Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go gcomhlíonfaidh na sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ort a sholáthar dúinn na nithe seo a leanas;

- Tá siad faighte go dleathach, go cothrom agus ar bhealach trédhearcach
- Tá siad faighte chun críocha sonraithe, follasacha agus dlisteanacha amháin
- Tá siad leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid atá riachtanach don chríoch dár fuarthas iad
- Tá siad taifeadta, stóráilte go cruinn agus go slán agus coinnithe cothrom le dáta nuair is gá
- Ní choimeádtar iad ach chomh fada agus is gá chun na críocha dár fuarthas iad.
- Coinnithe i bhfoirm a cheadaíonn aithint an ábhair sonraí
- Tá siad próiseáilte ar bhealach amháin a áirithíonn slándáil iomchuí na sonraí pearsanta lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdairithe nó neamhdhleathach.

Beartas um Chosaint Sonraí

Tá Beartas um Chosaint Sonraí mionsonraithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, a leagann amach an chaoi a bhfuilimid mar chomhlacht poiblí tiomanta do shlándáil aon sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú dúinn a chinntiú.

Cad í an ghníomhaíocht a dhéantar tagairt di sa Ráiteas Príobháideachais seo?

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag tabhairt cuireadh d'úinéirí maoine ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh a spéis a léiriú i mballaí seachtracha, atá le feiceáil go poiblí, a chur ar fáil do thionscadail mhúrpictiúr sa todhchaí.

Ag cur leis an rath a bhí ar Chonair Ealaíne Sráide cáiliúil Luimnigh agus an aird idirnáisiúnta atá faighte aige le blianta beaga anuas, táimid ag iarraidh líon "Ballaí Luimnigh" atá ar fáil le haghaidh úsáide cruthaitheach a leathnú.

Tá sé mar aidhm againn tacú le níos mó saothar ealaíne mórsála a dhéanann ceiliúradh ar scéalta uathúla, oidhreacht, pobail agus imeachtaí cultúrtha atá le teacht de chuid na cathrach agus an chontae.

Cabhróidh an fhaisnéis a bhailítear tríd an gcéim seo de léiriú spéise leis an gComhairle suíomhanna oiriúnacha a aithint agus iad a chur le tionscadail mhúrpictiúr agus chultúrtha atá le teacht ar feadh 2026 agus ina dhiaidh sin.

Beidh an suirbhé seo nasctha trí MyPoint agus beidh sé i bhfeidhm ón 17ú Feabhra – 31ú Márta 2026. Ní fhoilseofar aighneachtaí a thaifeadfar ar MyPoint. Ní bheidh an suirbhé seo ar fáil ar MyPoint don phobal i gcoitinne.

Cén bunús atá le próiseáil sonraí pearsanta sa ghníomhaíocht seo a dhéanamh dleathach?

Airteagal 6.1 (a) agus (e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí;

Ní bheidh próiseáil dhleathach ach amháin má tá, agus sa mhéid go bhfuil, ceann amháin ar a laghad de na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm;

1 (a) - tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí maidir le próiseáil a shonraí pearsanta féin chun na críche seo; Tabhair faoi deara gur féidir leat do thoiliú a tharraingt siar am ar bith trí ríomhphost a sheoladh chuig; aoife.oconnell@limerick.ie

1 (e) - tá próiseáil riachtanach chun tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhar le soláthar Ealaíne Sráide Luimnigh a fhorbairt.

Teastaíonn do shonraí teagmhála uainn

Chun cumarsáid a dhéanamh leat, iarrfar ort sonraí teagmhála a thabhairt. Ní gá duit na sonraí teagmhála go léir a sholáthar, ach má sholáthraíonn tú tuilleadh sonraí, beidh sé níos éasca dúinn cumarsáid a dhéanamh leat, amhail ríomhphost, uimhir theileafóin, seoladh baile. Tabhair faoi deara, le do thoil, go ndéanaimid bearta chun d'aitheantas a fhíorú sula dtugaimid rochtain ar shonraí pearsanta duit, chun cabhrú le do phríobháideacht a chosaint. Féadfar na sonraí teagmhála seo a úsáid freisin chun d'aitheantas a fhíorú.

Cad iad na míreanna sonraí pearsanta eile a theastaíonn uainn chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh?

Níl aon rud eile ag teastáil, is leor sonraí teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le freagróirí an Léiriú Spéise seo.

An roinntear na sonraí pearsanta a chuirtear isteach mar chuid den ghníomhaíocht seo le heagraíochtaí eile?

B'fhéidir go mbeadh ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh sonraí pearsanta a roinnt le heagraíochtaí nó eintitis eile (in Éirinn nó thar lear) ó am go chéile chun oibleagáidí reachtúla nó rialála a chomhlíonadh nó ar mhaithe le leas an phobail. Nuair atá an méid seo ag teastáil, tabharfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh aird ar shlándáil agus ar shláine na sonraí agus laghdóidh sí an líon sonraí a roinntear.

Sa phróiseas seo, roinnfear na sonraí leis na faighteoirí seo a leanas:

Ranna inmheánacha Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus tríú páirtithe a fhostaíonn siad chun ealaín sráide a sheachadadh.

Sa ghníomhaíocht seo, má tá na sonraí pearsanta le haistriú chuig tír eile, aistreofar chuig na tíortha seo a leanas iad (mura bhfuil aon tíortha liostaithe, níl sé beartaithe na sonraí pearsanta a aistriú thar lear):

N/B

Cá fhad a choimeádtar na sonraí pearsanta seo ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh?

Tá polasaí mionsonraithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le coinneáil taifead ina dtugtar tuilleadh sonraí faoin tréimhse ama a choinneoidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do shonraí pearsanta, agus cad a tharlóidh do do shonraí nuair a bheidh an tréimhse choinneála riachtanach caite.

Coinneofar na sonraí a phróiseáiltear mar chuid den ghníomhaíocht seo ar feadh na tréimhse/na tréimhsí seo a leanas:

De réir Airteagal 5 1. (e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Beartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil, ní choimeádfar sonraí ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá. Coinneofar na sonraí a phróiseáiltear mar chuid den ghníomhaíocht seo ar feadh na tréimhse a bheidh an plan á cheapadh, agus go dtí go nglacfar le plan nua, agus ansin cuirfear ar fáil don chartlannaí iad. (Eisceacht: scríos bileoga tinrimh tar éis 2 bhliain); Coinnigh taifid airgeadais lena n-áirítear doiciméid tairisceana ar feadh 7 mbliana, agus ansin scríos iad. Clíceáil [anseo](#) le haghaidh tuilleadh sonraí.

Cad a tharlóidh mura gcuirtear na sonraí pearsanta iarrtha ar fáil?

Mura gcuirtear na sonraí pearsanta iarrtha ar fáil, ní bheimid in ann d'iarratas a chur i bhfeidhm maidir le tionscadail Ealaíne Sráide.

Do Chearta

Tá sé de cheart agat rochtain a iarraidh ar shonraí pearsanta atá á gcoinneáil fút, deimhniú a fháil maidir le cibé an bhfuil na sonraí a bhaineann leat ann, go gcuirfí ar an eolas tú maidir le hábhar agus foinse na sonraí agus seiceáil a gcruineas. Ina theannta sin, má fhaightear amach go bhfuil na sonraí atá i seilbh againn míchruinn tá sé de cheart agat sonraí pearsanta atá i seilbh Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a athrú, a bhaint, a chosc nó agóid a dhéanamh i gcoinne úsáid na sonraí sin. Tá teacht ar iniomparthacht sonraí de cheart agat freisin. I gcúinsí áirithe d'fhéadfadh moill a chur nó deireadh a chur le rochtain ar sheirbhís nuair a cheanglaítear na sonraí de réir an dlí nó chun críocha bunriachtanacha a bhaineann le seirbhís a sholáthar duit má chuirtear bac ar rochtain ar shonraí. Chun na cearta seo a fheidhmiú, ba chóir duit dul i dteagmháil le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (Rialaitheoir Sonraí) ag an seoladh seo a leanas:

ríomhphost: dataprotectionofficer@limerick.ie

Oifigeach Cosanta Sonraí,
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh,
Cé na gCeannaithe,
Luimneach.

Ceart Gearáin chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra a fuair tú ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le d'iarratas, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí a fhéadfaidh an cheist a fhiosrú ar do shon.

Is é suíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí ná www.dataprotection.ie nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh lena n-oifig ag:

Uimhir Glao-Áitiúil: 01 7650100
1800 437 737

R-phost: info@dataprotection.ie

Seoladh poist:

Coimisiún um Chosaint Sonraí
6 Rae Pheambróg
Baile Átha Cliath 2
D02 X963